

# BALLSTÁIT
# AE




Parlaimint na hEorpa

# BALLSTÁIT AE




# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT





## NA CHÉAD SÉ BHALLSTÁT

Bhunaigh sé thír CEGC agus, ní ba dhéanaí i 1957, CEE agus Euratom:

An Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, An Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg




# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT





## AONTACHAS NA DANMHAIRGE, NA hÉIREANN AGUS NA RÍOCHTA AONTAITHE

Mealladh tíortha Eorpacha eile de bharr rath Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Tháinig an Danmhairg, Éire agus an Ríocht Aontaithe isteach i 1973. Bhí caibidlíocht leanúnach ar bun ag an am leis an Iorua ach vótáil muintir na hIorua i gcoinne na ballraíochta i reifreann.




# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT





## AONTACHAS NA GRÉIGE

Bhí an Ghréig díreach tar éis teacht slán ó dheachtóireacht mhíleata ag an am. Le haontachas na Gréige, theastaigh ó na Ballstáit a bhí ann ag an am tacú leis an gcóras daonlathach nua a cuireadh ar bun inti. Bhí argóintí eacnamaíocha i gceist chomh maith: Chuir an Ghréig margadh nua spéisiúil ar fáil.



# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT




## AONTACHAS NA SPÁINNE AGUS NA PORTAINGÉILE

Bhí baint ag an tacaíocht a bhí ann don daonlathas agus aidhmeanna eacnamaíocha le haontachas na Spáinne agus na Portaingéile. Bhí an Spáinn díreach tar éis fáil réidh leis an deachtóir Franco agus bhí an Phortaingéil tar éis deireadh a chur le deachtóireacht Salazar.

# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT

1970 | 1975 | 1980 | 1985 | 9/11 1989 | 1990


## TITIM BHALLA BHEIRLÍN

Thit Balla Bheirlín an 9 Samhain 1989. Tá an ocáid stairiúil seo ar cheann de na céimeanna móra lenár tháinig deireadh leis an deighilt idir Iarthar agus oirthear na hEorpa. Bhí deis anois ag daonlathais in Oirthear na hEorpa a bhí ag teacht chun cinn dul isteach sa Chomhar Eorpach. Dá bhrí sin, i 1993, shocraigh na Ballstáit na coinníollacha a bhí le comhlíonadh ag Ballstáit nua chun cáiliú le haghaidh aontachais:

- A bheith ina thír 'Eorpach' (go tíreolaíoch nó go stairiúil)
- An smacht reachta a urramú
- Geilleagar margaidh dea-fheidhmiúil a bheith aige
- A bheith ina dhaonlathas cobhsaí
- Cearta an duine a urramú
- Na rialacha agus rialacháin uile a bhí ann cheana in AE a chur chun feidhme, an 'acquis communautaire' mar a thugtar air




# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT






## AONTÚ NA GEARMÁINE

Theastaigh ón Ghearmáin go n-athaontófaí í mar thír. D'aontaigh na Ballstáit eile le hathaontú ar choinníoll go ndéanfaí an Ghearmáin a leabú sa Chomhar Eorpach, Go heacnamaíoch agus go polaitiúil araon.



# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT



## AONTACHAS NA SUALAINNE, NA FIONLAINNE AGUS NA hOSTAIRE

Le haontachas na Sualainne, na Fionlainne agus na hOstaire, bhí 15 Bhallstát in AE. Rinne an Iorua dara hiarracht ar aontachas ach vótáil muintir na hIorua ina coinne seo arís i reifreann.

# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT

1/5 2004


1990 | 1995 | 2000 | 2005 | 2010

## AONTACHAS NA CIPIRE, PHOBLACHT NA SEICE, NA hEASTÓINE, NA HUNGÁIRE, NA LAITVIA, NA LIOTUÁINE, MHÁLTA, NA POLAINNE, NA SLÓVAICE AGUS NA SLÓVÉINE

Tháinig deich mBallstát nua isteach in AE an 1 Bealtaine 2004. Leis seo, tháinig méadú ar líon na mBallstát go dtí 25 Bhallstát.



Searmanas méadaithe oifigiúil an 1 Bealtaine 2004 © European Communities, 2004



# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT

1990 1995 2000 2005 2010


1/1
2007

## AONTACHAS NA BULGÁIRE AGUS NA RÓMÁINE

Tháinig an Bhulgáir agus an Rómáin isteach in AE. Ardaíodh líon na mBallstát go 27 lena n-aontachas.




Foirgneamh Berlaymont le meirge a deir: 'Fáilte roimh an mBulgáir agus roimh an Rómáin go dtí an tAontas Eorpach' © European Communities, 2007



# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT





## AONTACHAS NA CRÓITE

Tháinig an Chróit isteach mar an 28ú Ballstát den Aontas Eorpach.



Bratach na hEorpa á hardú i Ságrab an 1 Iúil 2013. © European Union 2013.



# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT





## IMÍONN AN RÍOCHT AONTAITHE AS AE

D’fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach go hoifigiúil ar an 31 Eanáir 2020, tar éis trí bliana de chaibidlíocht. Ba í an chéad tír í a tharraing siar ón Aontas. Ó shin i leith, is 27 mBallstát atá san Aontas Eorpach.





Vóta ar Brexit i bParlaimint na hEorpa ar an 27 Eanáir 2020. © European Union 2020 EP.



# Ó 6 BHALLSTÁT GO 27 mBALLSTÁT

2010 2015 2020 2025 2030 Amach anseo?



## TÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ AGUS TÍORTHA A D'FHÉADFADH A BHEITH INA mBALLSTÁIT

Faoi láthair, is ann do naoi dtír oifigiúla is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas. Is iad seo a leanas na tíortha sin: an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeoirsia, an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv, Montainéagró, an tSeirbia, an Tuirc, agus an Úcráin. Tugtar tír is iarrthóir ar thír atá tar éis iarratas oifigiúil a dhéanamh ar bhallraíocht san Aontas agus a bhfuil stádas mar iarrthóir faighte aici. Tugtar tacaíocht airgeadais, riaracháin agus theicniúil do na tíortha sin agus iad ag ullmhú le bheith ina mballstáit ar ball.

Is tír a d'fhéadfadh a bheith ina hiarrthóir ar bhallraíocht san Aontas í an Chosaiv* ach ní bhfuair sí stádas oifigiúil mar thír is iarrthóir go fóill. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé curtha in iúl ag an tír go dteastaíonn ballraíocht san Aontas uaithi, ach nach bhfuil an idirbheartaíocht fhoirmiúil tosaithe go fóill.

*Ní dhéanann an t-ainm seo difear do na seasaimh maidir le stádas na Cosaive, agus tá sé i gcomhréir le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis an gcomhairle atá tugtha ag an gCúirt Idirnáisiúnta faoi dhearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

# BALLSTÁIT AE

Is cuid é an cur i láthair seo den uirlis oideachasúil EUROPE@SCHOOL – Ceachtanna gníomhacha faoin Aontas.
© an tAontas Eorpach, 2025

Parlaimint na hEorpa